Ceol na teanga

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers



# FGL Gaeilge (T2)

## 2018 – 2019

# Clár


| | |
|---|---|
| **Rannán 1: Eolas** | |
| Príomhdhoiciméid | **3** |
| Ábhar Tacaíochta | **3 – 4** |
| Feidhmchláir & Suíomhanna Áisiúla | **4** |
| **Gluais** | **5 – 7** |
| **Rannán 2: MRBanna & Torthaí Foghlama T2** | |
| Measúnú | **8 – 9** |
| MRB 1 – An Phunann Teanga | **10 - 12** |
| MRB 2 – An Tasc Cumarsáideach | **13 - 16** |
| Torthaí Foghlama T2 | **17 - 18** |
| Na Measúnaithe Rangbhunaithe: Nótaí breise | **31** |
| **Rannán 3: Gníomhaíochtaí** | |
| Wordle | **19** |
| Helen Barrett | **19** |
| Na Gnéithe Cáilíochta agus MRB 1 | **20** |
| Scáth Fearthainne: TFanna le cíoradh | **21** |
| Eispéireas Foghlama fiúntach | **22** |
| Cúrsaí Folláine | **23** |
| AFMÁ | **24** |
| Drámaíocht agus Difreáil | **25 - 26** |
| MRB 2 – An Tasc Cumarsáideach | **27** |
| Dramaíocht: Acmhainní | **28** |
| Tuarascáil an Phríomhchigire: Eanáir 2013 – Iúil 2016 | **28** |
| Gníomhphointí | **29** |
| Am Gairmiúil | **30** |
| Nótaí | **32** |


NÓTAÍ

# Príomhdhoiciméid & Ábhar Tacaíochta





Suíomh gréasáin de chuid CNCM




Liosta Molta don Chéad Bhliain



Imlitir 36/2018: Liosta Dualgais (2ú & 3úBl) & Imlitir 0069/2018




Treoirlínte don Mheasúnú





Rannán na Gaeilge ar www.jct.ie




Cláraigh linn chun eolas rialta/uasdátuithe a fháil




Am Gairmiúil: Moltaí




www.scoilnet.ie
**Treoir don ríomhphunann**






Seimineár Gréasáin T2






Físghabháil Scáileáin


# Ábhar Tacaíochta








Cuireann Webwise comhairle ar fáil do thuismitheoirí, scoláirí agus mhúinteoirí maidir le sábháilteacht idirlín.

PDST An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

Rewarding Learning

www.ccea.org.uk

# Feidhmchláir / Suíomhanna Áisiúla

Mentimeter

Office 365

padlet

Google Sites

QR

Adobe Spark

Kahoot!

iMovie

# Gluais

## Torthaí Foghlama

Is ráitis iad na Torthaí Foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith in ann a thaispeáint i ndiaidh dóibh staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí. Is Torthaí Foghlama uilíocha iad, atá le baint amach ag gach scoláire ag a leibhéal cumais féin. Ag aon am ar leith, is féidir díriú ar eilimint(í) ar leith de na Torthaí Foghlama. Sa phleanáil, ní mór Torthaí Foghlama as na trí shnáithe a chomhtháthú maraon le comhtháthú na gcúig scil teanga. Beidh eolas ar réamhfhoghlaim na scoláirí mar threoir do roghnú na dTorthaí Foghlama. Cuimhnigh gur cheart go mbeadh Eispéireas Foghlama agus Deiseanna Measúnaithe ailínithe le pé Torthaí Foghlama atá roghnaithe. Déanfar measúnú foirmitheach, ar go leor bealaí éagsúla, atá ag teacht leis na Torthaí Foghlama agus ar a bhfuil foghlamtha ag na scoláirí, i rith gach ceacht, i rith is ag deireadh gach aonaid.

## Aonad Foghlama

Eascraíonn fócas leathan an Aonaid Foghlama as an téacs/gné den chultúr atá mar shíol an eispéiris foghlama. Dearfar an tAonad ag brath ar na Torthaí Foghlama a roghnaíonn an múinteoir le díriú orthu. Braithfidh na féidearthachtaí don fhoghlaim agus don mheasúnú a eascraíonn ón Aonad ar réimse spéise agus cumais na scoláirí agus ar líon na dtascanna a roghnaíonn múinteoir(í) a dhéanamh laistigh den aonad. Tá solúbthacht ama i gceist le fad an Aonaid.

## Comhtháthú na Litríochta

Sa chéad bhliain, leagfar bunchloch do shaothrú na litríochta sa dara agus sa tríú bliain. Gheobhaidh an scoláire blaiseadh de sheánraí éagsúla. Tugann an léitheoireacht agus an litríocht deiseanna foghlama nach bhfuil ar fáil in áit ar bith eile. Tugann siad deiseanna do scoláirí teacht ar fhocail, nathanna agus struchtúir nua a chothaíonn sealbhú na teanga; teanga atá saibhir cruinn agus a bhfuil canúintí, saíocht agus oidhreacht na Gaeilge le feiceáil agus le cloisteáil inti. Tríd an gcur chuige comhtháite, tacaíonn an litríocht leis na torthaí foghlama a chur i ngníomh; ag cabhrú leis an scoláire an teanga agus litearthacht a shealbhú, le scileanna criticiúla agus cruthaitheachta a fhorbairt le tuiscintí cultúrtha a threisiú agus le forás pearsanta na scoláirí a chothú. Is ionann sin is a rá is go bhfuil an litríocht fite fuaite le gach rud eile atá ag dul ar aghaidh sa rang le comhthéacs teanga níos saibhre a fhorbairt, seachas gníomhaíochtaí an ranga a scaradh idir litríocht agus ceachtanna eile. Smaoinigí ar na téacsanna dílse:

- mar acmhainn agus foinse don dea-theanga agus don ghnáththeanga.
- mar fhoinse do shaibhreas agus cruinneas na teanga.
- mar uirlis don chumarsáid a chur ar siúl sa rang.
- mar fhíordheis don labhairt, phlé agus idirghníomhú.
- agus mar shíol an eispéiris foghlama.

Anuas air sin, is acmhainn thábhachtach í an litríocht don fhorbairt mhothúchánach. Cruthaíonn téacsanna litríochta deiseanna don scoláire comhionannú le carachtair agus leis na mothúcháin atá á nochtadh sna téacsanna. Tacaíonn sé seo leis an scoláire foghlaim faoi nádúr na daonnachta agus faoina shaol féin. Tagann sé seo go mór leis an mbéim ar chúrsaí folláine sa tsraith shóisearach trí chéile. Tá ról ag gach ábhar sa réimse seo, an Ghaeilge san áireamh. Imríonn téacsanna litríochta (scannáin, gearrscéalta, amhráin, drámaí, dánta, úrscéalta agus araile) tionchar ar smaointe agus ar mhothúcháin an scoláire.

# Eispéireas Foghlama

Soiléirítear fócas an Aonaid Foghlama trí Eispéireas Foghlama a dhearadh. Tá sé tábhachtach eispéireas foghlama agus deiseanna measúnaithe a sholáthar a fhreastlóidh ar riachtanais dhifreálaithe na scoláirí. Céard is eispéireas foghlama ann? Is éard is Eispéireas Foghlama ann ná:

- iomlán na foghlama a tharlaíonn laistigh de thréimhse ama ina ndéanann an scoláire dul chun cinn sna scileanna agus luachanna, sa tuiscint agus san eolas sa mhéid atá le foghlaim agus le déanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí foghlama agus na ndeiseanna measúnaithe laistigh de thréimhse ama an aonaid.
- obair aonair/obair bheirte/obair ghrúpa, roinnt eolais agus smaointe, comhoibriú, labhairt, scríobh, éisteacht, léamh & idirghníomhú.
- an fhoghlaim agus an dul chun cinn mar thoradh ar ghníomhaíochtaí foghlama, ar thaighde, ar mheithealú agus ar smaointeoireacht chriticiúil sna snáitheanna ar fad.

Ba cheart go mbeadh eispéireas foghlama ar bith taitneamhach, fiúntach, dírithe ar réimse spéise agus ar chumais na scoláirí agus – fíorthábhachtach ar fad - bunaithe ar riachtanais dhifreálaithe na scolairí. Agus múinteoir i mbun Eispéireas Foghlama na scoláirí a dhearadh ní mór dúinn na rudaí seo a leanas a dhéanamh. Cuimhnigh nach bhfuil i gceist ag leibhéal na roinne – sa **Teimpléad Roinne** – ach réamhphlé ar roinnt smaointe a d'fhéadfadh a bheith úsáideach:

- Na pointí measúnaithe ar eolas, thuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire a roghnú
- Na céimeanna atá le tógáil chun dul i dtreo an phointe sin a liostáil
- Na scileanna a bheidh ag teastáil ó na scoláirí chun na céimeanna sin a thógáil a liostáil
- Na féidearthachtaí idirghníomhaithe a shamhlú
- Na féidearthachtaí úsáide teicneolaíochta a shamhlú

Is sa **Teimpléad Múinteora** a chuirfidh an múinteoir aonair na rudaí seo thuas in oiriúint dá rang-ghrúpa féin. Is féidir eispéireas foghlama a dhearadh ag baint leasa as téacsanna litríochta agus/nó as gné/gnéithe de chultúr na Gaeilge. Is feidir téacsanna tacúla a úsáid chun cur leis an bhfoghlaim nó mar bhunús na foghlama.

Sa **Teimpléad Múinteora**, dearfar Intinní Foghlama agus Critéir Ratha.

# Intinní Foghlama

Eascraíonn Intinní Foghlama ó na Torthaí Foghlama. Is ráiteas é an Intinn Foghlama a chruthaíonn an múinteoir le haghaidh ceachta nó sraith de cheachtanna, ráiteas a chuireann síos go soiléir ar an eolas a bheidh ag na scoláirí, ar a dtuigfidh siad, agus ar a mbeidh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama.

# Critéir Ratha

Bíonn na Critéir Ratha nasctha leis na hIntinní Foghlama. Is é an múinteoir agus/nó an scoláire a fhorbraíonn iad agus déanann siad cur síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil. Cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnas a dhéanamh ar an gcaighdeán foghlama.

**Tuilleadh Eolais/Tacaíochta: An Uirlis Úsáide um Mheasúnú (CNCM)**
http://juniorcycle.ie/Assessment/Focus-on-Learning

# Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

Beidh múinteoirí rannpháirteach i gcruinnithe **Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (Cruinnithe AFMÁ)**, áit a gcomhroinnfidh siad agus a bpléifidh siad samplaí measúnuithe a chéile ar obair scoláirí agus a dtiocfaidh siad ar thuiscint chomónta ar cháilíocht fhoghlaim scoláirí.

# Tuairiscíní

Déanann na Tuairiscíní cur síos ar cháilíocht obair an scoláire i gcás gnáthmheasúnuithe ranga agus i gcás MRB 1 agus MRB 2 (féach lch 17):

*Níor chomhlíon na hionchais go fóill* | *Ag teacht leis na hionchais* | *Os cionn na n-ionchas* | *Thar barr ar fad*

# Measúnú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Cuimseoidh an measúnú ar Ghaeilge do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) dhá Mheasúnú Rangbhunaithe; Punann Teanga, Tasc Cumarsáideach; Tasc Measúnaithe agus Scrúdú Deiridh. Ligfidh na Measúnuithe Rangbhunaithe don scoláire a chumais teanga, chumarsáide, idirghníomhaíochta agus feasachta a léiriú ar bhealach nach bhféadfaí i scrúdú foirmiúil. Bainfidh na measúnuithe go dlúth leis an ngnáthobair ranga. Beidh Tasc Measúnaithe le déanamh tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe agus bainfidh sé leis na torthaí foghlama a mbeidh an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe orthu. Cuirfear an Tasc Measúnaithe seo chuig Coimisiún na Scrúdaithe Stáit (CSS) chun é a mharcáil mar aon leis an Scrúdú Deiridh (féach lch 25 de Shonraíocht T2)

Úsáidfear tacar grád chun gnóthachtáil a thaifeadadh. Déanfaidh CSS na gráid seo a thuairisciú ar dtús i bhfoirm shealadach i Mí Mheán Fómhair i ndiaidh dheireadh an tríú bliain. Déanfar iad a dheimhniú ina dhiaidh sin agus cuirfear san áireamh iad i b**Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS**) atá le heisiúint ón scoil laistigh de bhliain fhéilire an scrúdaithe. Is mar seo a leanas a chuirfear síos ar ghnóthachtáil an scoláire:

## Grádú an Scrúdaithe Deiridh:

**Gradam** (90 – 100%) | **Ardtuillteanas** (75 – 89%) | **Tuillteanas** (55 – 74%) | **Gnóthaithe** (40 – 54%)
**Gnóthaithe go páirteach** (20 – 39%) | **Neamhghrádaithe** (0 – 19%)

# Measúnú Foirmitheach

Is é Measúnú Foirmitheach a bhíonn i gceist nuair a úsáidtear modhanna foirmiúla/ neamhfhoirmiúla chun fianaise ar fhoghlaim a bhailiú le linn an phróisis fhoghlama. Úsáidtear na modhanna seo chun na scoláirí a chothú agus chun an teagasc a chur in oiriúint do riachtanais na scoláirí. Ligeann an próiseas do mhúinteoirí agus scoláirí eolas a bhailiú ar dhul chun cinn scoláirí agus cur chuige teagaisc an mhúinteora a leasú chun tacú le foghlaim an scoláire. Baineann Measúnú chun Foghlama (McF/AfL) le gnéithe uile an mheasúnaithe fhoirmithigh ach bíonn fócas ar leith ann ar ról gníomhach a bheith ag an scoláire ina chuid foghlama.

**Tuilleadh Eolais in Imlitreacha na Roinne Oideachais & Scileanna:**

**Imlitir 0015/2017:**
https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gn%C3%ADomhacha/cl0015_2017_ir.pdf


**Imlitir 0029/2017:**
https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gn%C3%ADomhacha/cl0029_2017_ir.pdf


> **“Sa mheasúnú i nGaeilge na Sraithe Sóisearaí, tapófar an deis don scoláire a bheith ina rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina chuid foghlama féin agus an deis dá réir a bheith ag múinteoirí tacú leis sin.”**
>
> (*Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (T2),* lch 24)


# Measúnú

## Na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRB)

- Cuimseoidh an measúnú ar Ghaeilge do PGSS dhá Mheasúnú Rangbhunaithe.
- Bainfidh na measúnuithe go dlúth leis an ngnáthobair ranga.
- Trí na measúnuithe rangbhunaithe, forbróidh an scoláire a chuid eolais, tuisceana, scileanna agus luachanna, agus é ag baint amach na dTorthaí Foghlama.
- Úsáidfear ***Tuairiscíní*** chun na MRBanna a mheas. Bainfear úsáid as na ráitis seo:
  *Níor chomhlíon na hionchais go fóill* | *Ag teacht leis na hionchais* | *Os cionn na n-ionchas* | *Thar barr ar fad*




### Measúnú Rangbhunaithe 1: Punann Teanga

Cruthaíonn an scoláire punann teanga le samplaí dá chuid saothair. Díríonn punann teanga ar an bpróiseas foghlama teanga agus bíonn an scoláire agus a thuras teanga féin ag croílár an teagaisc, an mheasúnaithe agus na foghlama. Tugann an phunann teanga deis don scoláire spriocanna pearsanta foghlama a leagan síos, a chuid oibre a thaispeáint, machnamh a dhéanamh ar an obair agus dul chun cinn a fheiceáil. Cruthaíonn an scoláire féin réimse leathan téacsanna sa phunann, mar shampla tionscnaimh, logaí foghlama, píosaí cruthaitheacha (dánta/amhráin agus araile a chum an scoláire) giotaí machnamhacha, ábhair thaifeadta (closamhairc agus físe), cuir i láthair a rinne sé agus araile.

***Fianaise ar an bhfoghlaim:***
Mar fhianaise ar an bhfoghlaim roghnaíonn an scoláire trí phíosa ón bpunann. Is gá píosa amháin fuaime nó físe a roghnú. Ba cheart leas a bhaint as an litríocht (ón dara agus/nó ón tríú bliain) mar spreagadh do cheann amháin ar a laghad de na píosaí punainne a roghnófar. Déanann an scoláire cur síos faoi threoir ar na cúiseanna le roghnú pearsanta na dtrí phíosa oibre.


### Measúnú Rangbhunaithe 2: Tasc Cumarsáideach

Tugann an Tasc Cumarsáideach deis don scoláire ábhar, topaic nó saincheist ar spéis leis féin nó atá tábhachtach dó a roghnú agus a fhiosrú thar thréimhse ama. Tá béim láidir ar chumas labhartha agus idirghníomhaithe an scoláire agus ar an nasc le húsáideoirí teanga eile sa tasc seo. Is féidir leis an scoláire aon cheann de na formáidí seo a leanas a roghnú chun an tasc a chur i gcrích: cur i láthair, agallamh, ról-imirt, taispeántas nó comhrá mar fhreagairt ar spreagthach chun an tasc a chur i gcrích. Is féidir leis an scoláire obair ina aonar, le scoláire eile mar obair bheirte nó i ngrúpa don tasc seo. Ach, is gá a chinntiú go nglacann gach scoláire páirt/ról cinnte agus go gcuireann gach scoláire leis an tasc go fiúntach. Tugtar deis don scoláire:

**1.** cumarsáid agus comhoibriú trí Ghaeilge ag idirghníomhú lena chomhscoláirí, leis an múinteoir agus le húsáideoirí teanga eile, **2.** scileanna teanga a fheabhsú, **3.** scileanna ginearálta a fhorbairt (taighde a dhéanamh, bainistiú ama, féinbhainistiú, obair le daoine eile agus araile), **4.** úinéireacht a ghlacadh ar an bhfoghlaim, **5.** taitneamh a bhaint as an teanga.

Más spéis leis an scoláire tarraingt ar fhoinsí litríochta mar spreagadh dá thopaic/shaincheist is féidir téacsanna ó liosta litríochta an dara/tríú bliain a úsáid.

***Fianaise ar an bhfoghlaim:***
Mar fhianaise ar an bhfoghlaim tugann an scoláire faoi thaighde agus ullmhúchán, déanann sé cur i láthair ranga gairid agus freagraíonn sé do cheisteanna faoi.





## An Tasc Measúnaithe

Tabharfaidh an scoláire faoi Thasc Measúnaithe nuair a bheidh na Measúnuithe Rangbhunaithe curtha i gcrích aige. Cuirfear an tasc measúnaithe sin i gcrích tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe agus cuirfear é faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil. Cuimseoidh an Tasc Measúnaithe roinnt de na gnéithe seo a leanas nó gach ceann díobh:


• plé le spreagthach gearr i bhformáid amhairc, scríofa, fuaime nó chlosamhairc le hullmhú don tasc scríofa

• tasc scríofa ina dtástálfar an scoláire i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas (1) plé a dhéanamh ar an taithí atá aige ar roghnú, ullmhú agus ar chur i láthair don Tasc Cumarsáideach (2) a thuiscint ar an taithí sin agus a mheas uirthi (3) a chumas chun machnamh a dhéanamh ar na scileanna a d'fhorbair sé tríd an Measúnú Rangbhunaithe.










## An Scrúdú Deiridh

Socróidh Coimisiún na Scrúdaithe Stáit an scrúdú deiridh ag dhá leibhéal: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Scrúdpháipéar amháin a bheidh ag gach leibhéal. Beidh an scrúdú seo ar siúl ag deireadh an tríú bliain. Scrúdú dhá uair an chloig a bheidh le déanamh ina n-iarrfar ar an scoláire a chuid inniúlachtaí teanga a léiriú trí dhul i mbun tascanna difriúla teanga agus litríochta a éileoidh cumarsáid phearsanta idirghníomhach.

NÓTAÍ

# MRB 1: Punann Teanga

<table>
<tr><th colspan="6">Measúnú Rangbhunaithe: Punann teanga</th></tr>
<tr><th colspan="6">Cumas cumarsáide</th></tr>
<tr><td colspan="2">1.10 téacsanna* dílse a aimsiú agus a úsáid chun taighde a dhéanamh</td><td colspan="2">1.17 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh bunaithe ar théacsanna* ábhartha Gaeilge</td><td colspan="2">1.18 tuairimí pearsanta a fhorbairt agus a chosaint ar nithe a bhaineann le hábhair ar spéis leis féin</td></tr>
<tr><td colspan="2">1.19 idirghníomhú le comhscoláirí/le húsáideoirí eile Gaeilge (agus lasmuigh de phobal na scoile)</td><td colspan="2">1.24 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha</td><td colspan="2">1.25 téacsanna ábhartha a chumadh (ríomhphoist, blaganna, cuntais, téacsanna cruthaitheacha agus téacsanna ilmhódacha) le tuiscint ar lucht a léite</td></tr>
<tr><td colspan="3">1.26 dréachtú, léamh siar agus athdhréachtú a dhéanamh</td><td colspan="3">1.28 tuairimí pearsanta a chur in iúl agus a mhíniú</td></tr>
<tr><th colspan="6">Feasacht teanga agus chultúrtha</th></tr>
<tr><td colspan="3">2.2 earráidí pearsanta i labhairt agus i scríobh na teanga a thabhairt faoi deara agus na cúiseanna leo a thuiscint</td><td colspan="3">2.5 taifead a choinneáil ar dhúshláin phearsanta a bhaineann le cruinnúsáid na teanga trí bhlag foghlama pearsanta a chruthú</td></tr>
<tr><th colspan="6">Féinfheasacht an fhoghlaimeora</th></tr>
<tr><td colspan="2">3.1 stíl phearsanta foghlama a aithint agus straitéisí foghlama a fhorbairt sna scileanna ar fad chun cur leis an bhfoghlaim éifeachtach</td><td colspan="2">3.3 cinntí neamhspleácha faoin bhfoghlaim a dhéanamh</td><td colspan="2">3.8 aidhmeanna foghlama pearsanta a úsáid</td></tr>
</table>

* Is féidir téacs a thabhairt ar gach toradh a bhíonn ar úsáid teanga teanga labhartha, scríofa, físeach, nó ilmhódach.

# MRB 1: Gnéithe Cáilíochta

| Na Gnéithe Cáilíochta: Gaeilge T2 – Measúnú Rangbhunaithe 1: Punann teanga | |
|---|---|
| **Thar barr ar fad**<br><br>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. | Úsáid an-chumasach teanga chun teachtaireachtaí a chur in iúl le húire<br><br>Sár-thuiscint ar an spriocghrúpa agus ar an gcineál cumarsáide léirithe sna píosaí roghnaithe ó thús deireadh<br><br>Léiríonn na píosaí roghnaithe go bhfuil féinfhreagracht agus féin-riar forbartha ar chaighdeán an-ard chun dul i ngleic le láidriú chruinneas agus shaibhreas teanga |
| **Os cionn na n-ionchas**<br><br>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D’fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán. | Úsáid chumasach teanga chun teachtaireachtaí a chur in iúl<br><br>Tuiscint an-mhaith ar an spriocghrúpa agus ar an gcineál cumarsáide léirithe sna píosaí roghnaithe go leanúnach<br><br>Léiríonn na píosaí roghnaithe go bhfuil obair mhór déanta chun cur le cruinneas agus le saibhreas na teanga, cé go bhfuil corr-earráid fós le sonrú anseo is ansiúd |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br><br>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D’fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó. | Úsáid chuíosach chumasach teanga chun teachtaireachtaí a chur in iúl<br><br>Tuiscint mhaith ar an spriocghrúpa agus ar an gcineál cumarsáide léirithe sna píosaí roghnaithe den chuid is mó<br><br>Léiríonn na píosaí roghnaithe go bhfuil obair déanta chun cruinneas agus saibhreas na teanga a fheabhsú, cé go bhfuil botúin agus earráidí le sonrú go rialta |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br><br>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B’fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart. | Úsáid theoranta teanga a bhfuil doiléireacht teachtaireachta mar thoradh uirthi<br><br>Easpa tuisceana ar an spriocghrúpa agus ar chinéal na cumarsáide le sonrú sna píosaí roghnaithe síos tríd<br><br>Teanga theoranta bhriste, le botúin agus earráidí leanúnacha sa chomhréir agus sa ghramadach |

# MRB 1: Nóta Machnamhach

MRB 1: Punann Teanga: Teimpléad do Nóta Machnamhach an scoláire

<table>
<tr><td colspan="6">SCOIL:</td><td colspan="6">SCOLÁIRE:</td></tr>
<tr><td colspan="12">ROGHNAIGH MÉ AN PÍOSA SEO MAR…</td></tr>
<tr><td colspan="12"></td></tr>
<tr><td colspan="6">MACHNAMH AR MO CHUID OIBRE</td><td colspan="6"></td></tr>
<tr><td colspan="6">RUDAÍ A D’FHOGHLAIM MÉ FAOIN TEANGA AGUS MÉ AG TABHAIRT FAOIN TASC*</td><td colspan="6">GNÉ AMHÁIN A THUIGIM GO gCAITHFIDH MÉ DÍRIÚ ISTEACH UIRTHI ANOIS:</td></tr>
<tr><td colspan="4">SCOLÁIRE:</td><td colspan="4">MÚINTEOIR:</td><td colspan="4">DÁTA:</td></tr>
</table>

*Ag díriú anseo ar an bhfeasacht teanga agus ar an bhféinfheasacht mar fhoghlaimeoir teanga

# MRB 2: Tasc Cumarsáideach

**MRB 2: Formáidí féideartha don Tasc Cumarsáideach**

| | |
|---|---|
| Taispeántas | Léiríonn an scoláire píosa gairid a chum sé féin, dán, amhrán, píosa drámaíochta, scéal san áireamh |
| Cur i láthair | Roghnaíonn an scoláire réimse spéise/topaic/saincheist agus déanann sé cur i láthair faoi ag úsáid a rogha meán agus frapaí |
| Agallamh | Glacann an scoláire ról an agallóra agus/nó ról an fhreagróra |
| Comhrá mar fhreagairt ar ábhar spreagthach | Roghnaíonn an scoláire ábhar spreagthach .i. íomhá, téacs scríofa, píosa físe gairid, cluastéacs, a spreagann é chun dul i mbun cainte faoi |
| Ról-imirt | Roghnaíonn an scoláire chun tabhairt faoi chás ról-imeartha, cás faoi leith a phlé (comhrá le cara, coinne a dhéanamh agus araile) nó ról duine eile a ghlacadh (agallóir teilifíse, réalta spóirt agus araile) |
| Tá béim ar an idirghníomhú cainte agus ar an labhairt i ngach formáid.<br><br>Tabharfaidh ionchur ón múinteoir deis don scoláire a chuid scileanna teanga a léiriú le linn an taisc. I gcás ceisteanna, is ceisteanna neamhullmhaithe/gan script atá i gceist atá oirúnach d’aois an scoláire agus do staid na foghlama. | |

## NÓTAÍ

# MRB 2: Tasc Cumarsáideach & Torthaí Foghlama

<table>
<tr><td colspan="6">Measúnú Rangbhunaithe 2: Tasc Cumarsáideach</td></tr>
<tr><td colspan="6">Cumas cumarsáide</td></tr>
<tr><td colspan="2">1.1 príomhtheachtaireachtaí na cumarsáide Gaeilge bainteach leis an ngnáthshaol a thuiscint chomh fada is atá an chaint ar ghnáthluas agus soiléir</td><td colspan="2">1.10 téacsanna* dílse a aimsiú agus a úsáid chun taighde a dhéanamh</td><td colspan="2">1.13 focail Ghaeilge a fhuaimniú i slí shothuigthe chruinn</td></tr>
<tr><td colspan="2">1.15 a stór focal pearsanta féin a threisiú ar ghnáthnithe agus ábhar ar spéis leis féin</td><td colspan="2">1.12 téacsanna ó bhéal a chruthú, a chur i láthair ina aonar agus/nó mar bhall de ghrúpa agus tuiscint a léiriú ar lucht éisteachta</td><td colspan="2">1.19 idirghníomhú le comhscoláirí/le húsáideoirí eile Gaeilge (agus lasmuigh de phobal na scoile)</td></tr>
<tr><td colspan="3">1.23 eolas a sheiceáil, a dheimhniú agus a mhalartú</td><td colspan="3">1.28 tuairimí pearsanta a chur in iúl agus a mhíniú</td></tr>
<tr><td colspan="6">Feasacht teanga agus chultúrtha</td></tr>
<tr><td colspan="3">2.2 earráidí pearsanta i labhairt agus i scríobh na teanga a thabhairt faoi deara agus na cúiseanna leo a thuiscint</td><td colspan="3">2.3 patrúin teanga mar chomhréir, bhriathra, ainmfhocail, srl., a aithint agus a úsáid</td></tr>
<tr><td colspan="6">Féinfheasacht an fhoghlaimeora</td></tr>
<tr><td colspan="3">3.4 féinmheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn</td><td colspan="3">3.8 aidhmeanna foghlama pearsanta a úsáid</td></tr>
</table>

* Is féidir téacs a thabhairt ar gach toradh a bhíonn ar úsáid teanga teanga labhartha, scríofa, físeach, nó ilmhódach.

# MRB 2: Gnéithe Cáilíochta

| Na Gnéithe Cáilíochta: Gaeilge T2 – Measúnú Rangbhunaithe 2: Tasc Cumarsáideach | |
|---|---|
| **Thar barr ar fad**<br><br>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. | Cumarsáid nádúrtha ar chaighdeán an-ard a léiríonn dul na teanga, réimse leathan stór focal agus ceart-úsáid fuaimeanna na Gaeilge<br><br>Sár-thuiscint ar an spriocghrúpa agus úsáid sciliúil na teanga ag labhairt agus ag freagairt<br><br>Caighdeán an-ard maidir le feasacht agus tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga. Tugann sé faoi fhéincheartú nuair agus mar is gá |
| **Os cionn na n-ionchas**<br><br>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go hanmhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D’fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán. | Cumarsáid an-mhaith a léiríonn go leanúnach dul na teanga, stór focal leathan agus ceart-úsáid fuaimeanna na Gaeilge<br><br>Tuiscint an-mhaith ar an spriocghrúpa agus é ag labhairt agus ag freagairt go hábhartha<br><br>Ard-chaighdeán maidir le feasacht agus tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga. Tugann sé faoi fhéincheartú go rialta |
| **Ag teacht leis na hIonchais**<br><br>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D’fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó. | Cumarsáid mhaith le stór focal dóthanach cé go bhfuil bearnaí anseo is ansiúd agus roinnt earráidí i dtaobh fhuaimeanna agus dhul na teanga<br><br>Tuiscint mhaith ar an lucht éisteachta, cé go bhfuil sí teoranta in áiteanna i labhairt na teanga agus i bhfreagairt ceisteanna<br><br>Feasacht agus tuiscint mhaith ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga le hearráidí comhréire agus botúin ghramadaí le sonrú go rialta |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br><br>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B’fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart. | Iarracht ar chumarsáid ach í stadach go maith, bearnaí móra sa stór focal agus earráidí bunúsacha ó thaobh fhuaimeanna agus dhul na teanga<br><br>Easpa tuisceana le sonrú ar an spriocghrúpa agus tá easnaimh bhunúsacha i labhairt na teanga agus sa bhfreagairt<br><br>Teanga theoranta bhriste in úsáid le heaspa feasachta agus tuisceana ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga go forleathan |

# MRB 2: Nóta Machnamhach

MRB 2: Tasc Cumarsáideach: Teimpléad do Nóta Machnamhach an scoláire

<table>
<tr><td colspan="2">SCOIL:</td><td>SCOLÁIRE:</td></tr>
<tr><td colspan="3">ÁBHAR/TOPAIC:</td></tr>
<tr><td colspan="3">‘SÉARD A CHUIDIGH LIOM AGUS MÉ AG ULLMHÚ DON TASC SEO NÁ:</td></tr>
<tr><td colspan="3">MACHNAMH PEARSANTA AR AN TASC CUMARSÁIDEACH</td></tr>
<tr><td colspan="2">RUDAÍ A D’FHOGHLAIM MÉ FAOIN TEANGA AGUS MÉ AG TABHAIRT FAOIN TASC*</td><td>GNÉ AMHÁIN A THUIGIM GO gCAITHFIDH MÉ DÍRIÚ ISTEACH UIRTHI ANOIS:</td></tr>
<tr><td>SCOLÁIRE:</td><td>MÚINTEOIR:</td><td>DÁTA:</td></tr>
</table>

*Ag díriú anseo ar an bhfeasacht teanga agus ar an bhféinfheasacht mar fhoghlaimeoir teanga

# Torthaí Foghlama

## SNÁITHE 1: CUMAS CUMARSÁIDE

### Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

**GNÉ: Éisteacht**

1.1 príomhtheachtaireachtaí na cumarsáide Gaeilge bainteach leis an ngnáthshaol a thuiscint chomh fada is atá an chaint ar ghnáthluas agus soiléir
1.2 sonraí áirithe ar ghnáthnithe coitianta sa chaint a aithint
1.3 léiriú ar thaitneamh a bhaint as éisteacht le Gaeilge
1.4 ábhar agus foinsí éisteachta a roghnú agus a roinnt, ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha
1.5 canúintí na Gaeilge a aithint

**GNÉ: Léamh**

1.6 úsáid a bhaint as raon straitéisí díchódaithe cuí
1.7 príomhshonraí a bhaineann le gnáthnithe coitianta a aithint i dtéacsanna* Gaeilge
1.8 príomhtheachtaireachtaí a bhaint as téacsanna* Gaeilge a bhaineann leis an ngnáthshaol
1.9 taitneamh a bhaint as téacsanna* ábhartha dílse chun cumas léitheoireachta a fhorbairt
1.10 téacsanna* dílse a aimsiú agus a úsáid chun taighde a dhéanamh

**GNÉ: Labhairt**

1.11 teachtaireachtaí pearsanta cumarsáide a chur in iúl a bhaineann leis an ngnáthshaol
1.12 téacsanna ó bhéal a chruthú, a chur i láthair ina aonar agus/nó mar bhall de ghrúpa agus tuiscint a léiriú ar lucht éisteachta
1.13 focail Ghaeilge a fhuaimniú i slí shothuigthe chruinn
1.14 taitneamh a bhaint as bheith ag cumarsáid trí Ghaeilge
1.15 a stór focal pearsanta féin a threisiú ar ghnáthnithe agus ábhar ar spéis leis féin
1.16 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh faoin méid atá cloiste aige
1.17 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh bunaithe ar théacsanna* ábhartha Gaeilge
1.18 tuairimí pearsanta a fhorbairt agus a chosaint ar nithe a bhaineann le hábhair ar spéis leis féin

**GNÉ: Idirghníomhú cainte**

1.19 idirghníomhú le comhscoláirí/le húsáideoirí eile Gaeilge (agus lasmuigh de phobal na scoile)
1.20 freagairt do theachtaireachtaí gan choinne le linn comhrá
1.21 cumarsáid a choimeád sa siúl agus déileáil le deacrachtaí tuisceana
1.22 soiléiriú nó athrá a lorg
1.23 eolas a sheiceáil, a dheimhniú agus a mhalartú
1.24 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha

**GNÉ: Scríobh**

1.25 téacsanna ábhartha a chumadh (ríomhphoist, blaganna, cuntais, téacsanna cruthaitheacha agus téacsanna ilmhódacha) le tuiscint ar lucht a léite
1.26 dréachtú, léamh siar agus athdhréachtú a dhéanamh
1.27 teachtaireachtaí scríofa a roinnt, ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha
1.28 tuairimí pearsanta a chur in iúl agus a mhíniú
1.29 freagairt phearsanta do théacsanna*

## SNÁITHE 2: FEASACHT TEANGA AGUS CHULTÚRTHA

### Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

**GNÉ: Ag díriú ar theanga na Gaeilge mar chóras**

2.1 difríochtaí suntasacha ó thaobh gramadaí agus comhréire idir an Ghaeilge, Béarla agus teangacha eile a thabhairt faoi deara chun míchruinneas a sheachaint
2.2 earráidí pearsanta i labhairt agus i scríobh na teanga a thabhairt faoi deara agus na cúiseanna leo a thuiscint
2.3 patrúin teanga mar chomhréir, bhriathra, ainmfhocail, srl., a aithint agus a úsáid
2.4 litriú agus poncaíocht cheart a aithint agus a úsáid
2.5 taifead a choinneáil ar dhúshláin phearsanta a bhaineann le cruinnúsáid na teanga trí bhlag foghlama pearsanta a chruthú

**GNÉ: Ag cothú feasachta i leith chultúr na teanga**

2.6 gné(ithe) de chultúr na Gaeilge a roghnú agus taighde a dhéanamh uirthi agus í a chur i láthair ar shlí nuálach chruthaitheach
2.7 tionscnaimh/cur i láthair ó bhéal a dhéanamh ar ghnéithe de bheochultúr na Gaeilge

**GNÉ: Ag cothú feasachta i leith an dátheangachais**

2.8 cosúlachtaí agus difríochtaí idir phobail ilteangacha a fhiosrú
2.9 a aistear pearsanta féin i dtreo an ilteangachais a léiriú

## SNÁITHE 3: FÉINFHEASACHT AN FHOGHLAIMEORA

### Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

**GNÉ: Ag cothú féintuisceana mar fhoghlaimeoir teanga**

3.1 stíl phearsanta foghlama a aithint agus straitéisí foghlama a fhorbairt sna scileanna ar fad chun cur leis an bhfoghlaim éifeachtach
3.2 úsáid a bhaint as aiseolas mar fhoghlaimeoir chun aidhmeanna foghlama pearsanta a leagan amach

**GNÉ: Ag forbairt na foghlama féinriair**

3.3 cinntí neamhspleácha faoin bhfoghlaim a dhéanamh
3.4 féinmheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn
3.5 aiseolas a roinnt le comhscoláirí ar an bhfoghlaim phearsanta sna scileanna teanga agus foghlama
3.6 acmhainní teanga a úsáid (foclóirí agus ríomhfhoclóirí, graiméir, seiceálaithe gramadaí agus litrithe, srl.)

**GNÉ: Ag forbairt tuisceana ar spreagadh pearsanta i leith na teanga**

3.7 tuiscint a léiriú ar a spreagadh pearsanta i leith fhoghlaim na teanga
3.8 aidhmeanna foghlama pearsanta a úsáid

# Gníomhaíochtaí

## Gníomhaíocht: Wordle





**NOTAÍ**

## Gníomhaíocht: Helen Barrett agus an Phunann

| |
|---|
| Trí phointe a chuaigh i bhfeidhm ort maidir le fiúntas na punainne?<br>•<br>•<br>• |
| Nasc le Guth an Scoláire? |
| Nasc le Measúnú Foirmitheach? |

# Gníomhaíocht: Na Gnéithe Cáilíochta & MRB 1




## Úsáid na Teanga: Téarmaíocht

Úsáid chuíosach chumasach teanga
Teanga theoranta bhriste
Úsáid chumasach teanga
Úsáid an-chumasach teanga

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

## Cineál Cumarsáide: Téarmaíocht

Easpa tuisceana ar chineál na cumarsáide
Tuiscint an-mhaith ar an gcineál cumarsáide
Sár-thuiscint ar an gcineál cumarsáide
Tuiscint mhaith ar an gcineál cumarsáide


| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |


## Feasacht Teanga (Na botúin agus na hearráidí): Téarmaíocht

Corr-earráid le sonrú anseo is ansiúd
Botúin agus earráidí le sonrú go rialta
Botúin agus earráidí leanúnacha
Caighdeán an-ard chun dul i ngleic le láidriú chruinneas agus shaibhreas teanga

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

# Scáth fearthainne: TFanna le cíoradh (3.1 / 3.5 / 3.6 / 3.7)



## Gníomhaíocht: Eispéireas foghlama fiúntach

### Cad is eispéireas foghlama fiúntach ann? (Féach lch 6 den leabhrán)

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

### Tá róil ar leith ag an múinteoir agus ag an scoláire in eispéireas foghlama.

### Líon isteach samplaí ó bhur dtaithí féin a léiríonn na gnéithe thíos:

| Ról an mhúinteora sa phleanáil agus sa chur i bhfeidhm | Gné den Eispéireas Foghlama | Ról an scoláire le linn an Eispéiris fhoghlama |
|---|---|---|
| | Timpeallacht thacúil | |
| | Samhlaíocht | |
| | Aiseolas | |
| | Machnamh ar an bhfoghlaim/Cothú na féinfheasachta | |
| | Cothú na feasachta i dtaobh an chultúir agus na teanga | |
| | Réimse spéise an scoláire | |
| | Leibhéil chumais dhifriúla | |
| | Uaillmhian | |
| | Saoirse agus solúbthacht | |

## Gníomhaíocht: Cúrsaí Folláine

### An Ghaeilge & Cúrsaí Folláine

| | | |
|---|---|---|
| | **Gníomhach:** An rannpháirtí muiníneach oilte mé i ngníomhaíocht choirp? Cé chomh gníomhach is atá mé go fisiciúil? | **TF(anna)** |
| | **Freagrach:** An ngníomhaím chun mo chuid folláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chothú? An roghnaím bia sláintiúil? An dtuigim cén áit a mbíonn mo chuid sábháilteachta i mbaol, agus an ndéanaim na roghanna cearta? | **TF(anna)** |
| | **Ceangailte:** An mothaím ceangailte le mo scoil, mo chairde, mo phobal agus an domhan mór? An dtuigim go dtéann mo chuid gníomhartha agus idirghníomhaíochtaí i bhfeidhm ar m'fholláine féin agus ar fholláine daoine eile i gcomhthéacs áitiúil agus domhanda? | **TF(anna)** |
| | **Athléimneach:** An gcreidim go bhfuil na scileanna agam chun déileáil le dúshláin an tsaoil? An eol dom cén áit ar féidir liom cabhair a fháil? An gcreidim go n-éireoidh go maith liom ach iarracht a chur isteach? | **TF(anna)** |
| | **Meas:** An mothaím go n-éistear liom agus go bhfuil meas orm? An bhfuil caidrimh dhearfacha agam le mo chairde, mo phiaraí agus mo mhúinteoirí? An léirím cúram agus meas ar dhaoine eile? | **TF(anna)** |
| | **Feasach:** An bhfuilim feasach ar mo chuid smaointe, mothúchán agus iompar, agus an féidir liom ciall a bhaint astu? An bhfuilim feasach ar mo luachanna pearsanta agus an ndéanaim machnamh ceart roimh chinneadh a dhéanamh? An dtuigim na rudaí a chabhraíonn liom foghlaim agus conas is féidir liom dul i bhfeabhas? | **TF(anna)** |

### Torthaí Foghlama

1.29 freagairt phearsanta do théacsanna

2.5 taifead a choinneáil ar dhúshláin phearsanta a bhaineann le cruinnúsáid na teanga trí bhlag foghlama pearsanta a chruthú


2.6. gné(ithe) de chultúr na Gaeilge a roghnú agus taighde a dhéanamh uirthi agus í a chur i láthair ar shlí nuálach chruthaitheach

3.1 stíl phearsanta foghlama a aithint agus straitéisí foghlama a fhorbairt sna scileanna ar fad chun cur leis an bhfoghlaim éifeachtach

3.2 úsáid a bhaint as aiseolas mar fhoghlaimeoir chun aidhmeanna foghlama pearsanta a leagan amach

3.5 aiseolas a roinnt le comhscoláirí ar an bhfoghlaim phearsanta sna scileanna teanga agus foghlama

# Gníomhaíocht: AFMÁ



| | |
|---|---|
| Ról múinteora a raibh saothar scoláire dá chuid á mheas ag an gcruinniú | Ról comhordaitheora |
| Ról comhghleacaí a raibh rang leo ag tabhairt faoin MRB | Ról comhghleacaí nach raibh scoláire acu ag tabhairt faoin MRB |

# Gníomhaíocht: MRB 2: Tasc Cumarsáideach

| Meaitseáil agus cuir tic sa bhosca cuí | Níor chomhlíon na hionchais go fóill | Ag teacht leis na hionchas | Os cionn na n-ionchas | Thar barr ar fad |
|---|---|---|---|---|
| **Tuiscint ar an spriocghrúpa** | | | | |
| Tuiscint an-mhaith ar an spriocghrúpa | | | | |
| Sár-thuiscint ar an spriocghrúpa | | | | |
| Easpa tuisceana le sonrú ar an spriocghrúpa | | | | |
| Tuiscint mhaith ar an lucht éisteachta | | | | |
| **Feasacht Teanga** | | | | |
| Feasacht agus tuiscint mhaith ar phátrúin agus ar chomhréir na teanga | | | | |
| Ard-chaighdeán maidir le feasacht agus tuiscint ar phátrúin agus ar chomhréir na teanga | | | | |
| Teanga theoranta bhriste in úsáid le heaspa feasachta agus tuisceana ar phátrúin agus ar chomhréir na teanga go forleathan | | | | |
| Caighdeán an-ard maidir le feasacht agus tuiscint ar phátrúin agus ar chomhréir na teanga | | | | |
| **Úsáid Teanga** | | | | |
| … ag labhairt agus ag freagairt go hábhartha | | | | |
| … tá easnaimh bhunúsacha i labhairt na teanga agus sa bhfreagairt | | | | |
| … úsáid sciliúil na teanga ag labhairt agus ag freagairt | | | | |
| … teoranta in áiteanna i labhairt na teanga agus i bhfreagairt ceisteanna | | | | |
| **Fuaimeanna na Gaeilge** | | | | |
| … earráidí bhunúsacha ó thaobh fuaimeanna agus dhul na teanga | | | | |
| … ceart-úsáid fuaimeanna na Gaeilge | | | | |
| … ceart-úsáid fuaimeanna na Gaeilge | | | | |
| … roinnt earráidí i dtaobh fhuaimeanna agus dhul na teanga | | | | |
| **Cumas Cumarsáide** | | | | |
| Iarracht ar chumarsáid ach í stadach go maith, bearnaí móra sa stór focal… | | | | |
| Cumarsáid an-mhaith a léiríonn go leanúnach dul na teanga, stór focal leathan… | | | | |
| Cumarsáid nádúrtha ar chaighdeán an-ard a léiríonn dul na teanga, réimse leathan stór focal… | | | | |
| Cumarsáid mhaith le stór focal dóthanach cé go bhfuil bearnaí anseo is ansiúd… | | | | |

## Drámaíocht & Difreáil

Próifíl straoisleabhair a chumadh do charachtar ar leith

Stiallghreannán / Stiallchartún / Sraith Pictiúr le cur síos

Cur i láthair a dhéanamh i bpearsa an charachtair / faoin gcarachtar

Radharc / dráma leantach a scríobh

Rap nó amhrán nó dán a chumadh bunaithe ar an ndráma

Is tusa an stiúrthóir…samhlaigh críoch mhalartach

Alt ar bhuncheacht an dráma / téacs áirithe seo

Carachtar ó dhráma eile nó ó théacs as seánra eile a phlé agus a chur i gcomparáid lena chéile

Tasc réamhfhéachana: An scéal a thuar

Mír nuachta teilifíse / Agallamh raidió / Tuairisc scríofa sa nuachtán bunaithe ar eachtra an dráma

Dialann charachtair a scríobh

Léirmheas a scríobh do nuachtlitir na scoile

Tráth na gceist (Kahoot…) bunaithe ar an dráma

Mata boird / Meabhair mhapaí faoi ghné éigin den téacs

Ríomhphoist, blag, cuntas, téacs ilmhódach a chumadh bunaithe ar ghné den dráma

Sainfhoclóir drámaíochta a chur i gcomhad nua / sa loga foghlama

## Gníomhaíocht: Drámaíocht & Difreáil

| Buntuiscint | Breis eolais | Saothrú |
| --- | --- | --- |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

**Drámaíocht: Breac síos rud amháin a bhfuil tú tógtha leis maidir le:**

**A: Cur chuige don aonad bunaithe ar an drámaíocht**

**B: Foghlaim na scoláirí**

## DRÁMAÍ T2 - BLURBAÍ

## Tuarascáil an Phríomhchigire: Eanáir 2013 – Iúil 2016

**Sna ranganna a raibh na cigirí sásta go raibh obair mhaith ar siúl iontu:**

‘Thug cigirí faoi deara gur díríodh an-aird ar na ceithre scil teanga (éisteacht, labhairt, léamh agus scríobh) sna ceachtanna seo agus go raibh fianaise i gcóipleabhair agus i leabhair nótaí na ndaltaí go raibh aiseolas ar ardchaighdeán agus spreagúil iontu.’ Lch 74




**Ábhar imní do na cigirí:**

'Is ábhar fíor imní go fóill cáilíocht foghlama na scoláirí sa Ghaeilge. Baineann go leor dúshlán fós le teagasc éifeachtach na Gaeilge. Tá gá le tuilleadh deiseanna cumarsáide sa sprioctheanga i ngach ceacht ionas go mbíonn taithí ag daltaí ar labhairt na Gaeilge. Ba cheart do mhúinteoirí pleanáil don éagsúlacht sna scileanna teanga a bhíonn sa seomra ranga.’ Lch 80

# Gníomhphointí do mo chleachtas féin

| | |
|---|---|
| M<br>A | **SEISIÚN 1**<br>An tseachtain seo, tá sé ar intinn agam:<br>An mhí seo:<br>An téarma seo: |
| C<br>H | **SEISIÚN 2**<br>An tseachtain seo, tá sé ar intinn agam:<br>An mhí seo:<br>An téarma seo: |
| N<br>A | **SEISIÚN 3**<br>An tseachtain seo, tá sé ar intinn agam:<br>An mhí seo:<br>An téarma seo: |
| M<br>H | **NÓTAÍ** |

# Am Gairmiúil

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

## Gaeilge na Sraithe Sóisearaí
## Am gairmiúil: roinnt moltaí

**Am Gairmiúil do Mhúinteoirí Gaeilge 2018-19**

### Gníomhaíochtaí aonair

- An leagan cuí de *Shonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí* a íoslódáil agus a léamh (ar fáil ar www.curriculumonline.ie agus ar www.jct.ie)
- Na Torthaí Foghlama a chíoradh, ceann ar cheann
- *Liosta Molta de Théacsanna Cuí don Chéad Bhliain* agus Ábhar Dualgais don 2ú/3ú bl.(Imlitir 0035/2018, T1; Imlitir 0036/2018, T2) a íoslódáil/léamh
- Téacs(anna) litríochta a roghnú agus a léamh ag machnamh ar na deiseanna foghlama a bhaineann leis (leo) chun na Torthaí Foghlama a chur i bhfeidhm
- Rannóg Gaeilge ar www.jct.ie a chuardach agus a úsáid mar acmhainn
- Pleananna do do ranganna féin a fhorbairt ag teacht lena bhfuil i bPlean Roinn Gaeilge na scoile don téarma sin
- Acmhainní a bhailiú/chruthú chun tacú le foghlaim an scoláire
- Intinní Foghlama a dhearadh do cheacht/do shraith de cheachtanna
- Critéir Ratha do thasc ranga agus rúibric chuí don mheasúnú a dhearadh
- *Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe & don Tasc Measúnaithe* a íoslódáil ó www.curriculumonline.ie & a chíoradh
- Acmhainní oideachasúla ar líne ó fhoinsí iontaofa a fhiosrú

### Gníomhaíochtaí aonair/ghrúpa

- Torthaí Foghlama na Sonraíochta a chíoradh go mion
- Eilimintí na dTorthaí Foghlama a fhiosrú
- Féidearthachtaí do chomhtháthú na gcúig scil teanga a phlé
- Smaointe a fhorbairt ar bhealaí chun an Measúnú Foirmitheach a chur i bhfeidhm
- Súil siar a chaitheamh ar ábhar agus ar phríomhtheachtaireachtaí na laethanta FGL* agus ar na hacmhainní atá ar fáil sa rannóg Gaeilge ar www.jct.ie. *Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
- Próiseas scagtha don Litríocht a phleanáil agus a chur i ngníomh
- Aipeanna taifeadta agus na féidearthachtaí a bhaineann leo a fhiosrú
- Trealamh taifeadta a eagrú agus dul i dtaithí ar conas é a úsáid

### Gníomhaíochtaí na roinne

- Aidhmeanna agus cur chuige do phróiseas comhoibríoch pleanála na roinne a phlé
- Acmhainní pleanála ar rannóg Gaeilge www.jct.ie a fhiosrú
- Féachaint ar na físghabhálacha scáileáin ar www.jct.ie
- Aonaid Foghlama a dhearadh le chéile
- Acmhainní don teagasc agus don fhoghlaim a roinnt ar a chéile agus dul sa tóir ar théacsanna/acmhainní tacúla eile
- Smaointe a fhorbairt agus a roinnt ar chur chuige i leith an mheasúnaithe fhoirmithigh; deiseanna don difreáil a phlé
- Obair na scoláirí a phlé/a mheas le chéile
- Deiseanna úsáide Gaeilge do ghrúpa scoláirí/ranganna áirithe/bhliainghrúpa/phobal uile na scoile a phleanáil
- Deiseanna úsáide leis an bpobal teanga seachtrach a thapú
- Deiseanna a thapú líonrú le múinteoirí Gaeilge/múinteoirí ábhair eile i bhur scoil féin/i scoileanna eile/go náisiúnta
- Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar éirigh le hAonad Foghlama ar leith ó thaobh an teagaisc angus na foghlama de
- Plean don Aonad a leasú ag eascairt as an bplé/machnamh

www.jct.ie

# Na Measúnaithe Rangbhunaithe: Pointí breise

**Is den riachtanas é** go léifidh gach múinteoir na cáipéisí seo a leanas, atá ar fáil ar www.curriculumonline.ie,  chun tuiscint a fhorbairt ar ról agus ar chur i bhfeidhm an mheasúnaithe sa tsraith shóisearach:

- *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (T2)*
- *Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe (T2)*

**NB:** Níl anseo thíos - agus a bhfuil ar lgh 6-16 den leabhrán seo - ach achoimre **ar chuid bheag de** na príomhphointí agus ní leor iad seo amháin chun tuiscint chuimsitheach ar an measúnú a fhorbairt.

**Ullmhúchán ginearálta thar thrí bliana na sraithe sóisearaí:**
**MRB 1:** Cuireann an scoláire lena phunann teanga de réir a chéile ó thús na chéad bhliana ar aghaidh le treoir agus le comhairle ón múinteoir. Eascraíonn formhór d'obair na punainnne as an ngnáthobair ranga. Cabhraíonn an múinteoir leis an scoláire chun deiseanna úsáide agus cumarsáide a thapú sa timpeallacht ranga.
**MRB 2:** Is í úsáid laethúil agus leanúnach na teanga, mar aon le rannpháirtíocht rialta i ngníomhaíochtaí/dtascanna cumarsáide laistigh agus lasmuigh den seomra ranga ón gcéad bhliain ar aghaidh, an t-ullmhúchán is éifeachtaí don Mheasúnú Rangbhunaithe seo.

**Samplaí anótáilte de shaothar scoláirí:**
Táthar ag súil go mbeidh samplaí anótáilte de shaothar scoláirí ón gCéad Bhliain á bhfoilsiú go luath in earrach 2019 agus go mbeidh samplaí de shaothar scoláirí dá leithéid a bheadh i gceist le MRB 1 ar fáil roimh dheireadh na scoilbhliana reatha 2018-2019.

**Gnéithe cáilíochta:**
Is ann do cheithre thuairiscín ar leibhéil ghnóthachtála do gach MRB (féach lch. 7 den leabhrán seo). Is iad na Gnéithe Cáilíochta a leagtar amach sna Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe na critéir a úsáidfear lena mheas cén ceann de na tuairiscíní is fearr a oireann d'obair scoláirí.

Agus na Gnéithe Cailóchta á n-úsáid ag an múinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas 'ar an iomlán'. Ba chóir don mhúinteoir na Gnéithe Cailíochta a léamh (*Níor chomhlíon na hionchais go fóill* ar dtús) go dtí go dtagann sé ar an tuairiscín is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairsicín cáilíochta ba cheart a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ar obair an scoláire le teacht ar an tuairiscín is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an tuairiscín is fearr a dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú.

**Neamhspleáchas na scoile i leith an scoláire a ullmhú do na MRBanna:**
Sna treoirlínte, leagtar amach réimse de roghanna le haghaidh na Measúnaithe Rangbhunaithe ionas go mbeidh siad ag teacht le riachtanais agus le dálaí áirithe an scoláire agus na scoile. Bíonn rogha ag an scoláire agus ag an múinteoir maidir le roghnú formáide. Tá féidearthachtaí éagsúla ann maidir leis an gcaoi ar féidir tabhairt faoin dá Mheasúnú Rangbhunaithe agus faoin gcaoi ar féidir iad a chur i láthair. I gcás na punainne (féach lch 8 den leabhrán seo), spreagtar an scoláire le húsáid a bhaint as ábhair thacaíochta éagsúla agus a chuid oibre a chur i láthair i leaganacha amach éagsúla. I gcás an taisc chumarsáidigh, tá greille d'fhormáidí éagsúla (ar lch 13 den leabhrán seo). Laistigh de na paraiméadair a shocraítear sna treoirlínte, is féidir leis an scoil, leis an múinteoir agus leis an scoláire raon na dtéamaí agus na dtopaicí do na MRBanna a shocrú go neamhspleách. Tugtar tús áite, áfach, do neamhspleáchas an scoláire.

**Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh:**
Sa chás go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir tacaíochtaí réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire sna MRBanna agus sa Tasc Measúnaithe a laghdú oiread is is féidir. Ba chóir do na tacaíochtaí sin a bheith ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana (m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha).

**Nótaigh: Tá a bhfuil thuas bunaithe ar na** *Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe (T2)* **cé nach athfhriotal é amach is amach.**

# Nótaí

**Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM)**
Seirbhís Tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais & Scileanna

**Oifig Riaracháin:**
Ionad Oideachais Mhuineacháin | Bóthar Ard Mhacha | Muineachán
Teil.: (047) 74008

**Oifig an Stiúrthóra:**
BOOLM | Sráid an tSéipéil | Dún Dealgan
Teil.: (042) 936 4603

**Féach rannán na Gaeilge ar:** www.jct.ie

**Córas Giolcaireachta:**
@jctGaeilge | @JCforTeachers | #JCGaeilge

Ceol na teanga

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers